Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6003/22**
**ADD 1**

**FIN 120**
**PE-L 7**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020<br>– *Glacadh* |


IARSCRÍBHINN 1: Gníomhaireacht Soláthair Euratom ....... 3
IARSCRÍBHINN 2: An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna ....... 6
IARSCRÍBHINN 3: An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú ....... 9
IARSCRÍBHINN 4: An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ....... 12
IARSCRÍBHINN 5: An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna ....... 14
IARSCRÍBHINN 6: An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach ....... 17
IARSCRÍBHINN 7: An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí ....... 20
IARSCRÍBHINN 8: An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ....... 22
IARSCRÍBHINN 9: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ....... 24
IARSCRÍBHINN 10: Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh ....... 27
IARSCRÍBHINN 11: An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí ....... 29

IARSCRÍBHINN 12: Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ..........................32
IARSCRÍBHINN 13: An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia........................................................34
IARSCRÍBHINN 14: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil................37
IARSCRÍBHINN 15: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil.................................40
IARSCRÍBHINN 16: An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú .......................................43
IARSCRÍBHINN 17: Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ....................................................45
IARSCRÍBHINN 18: An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta .......................47
IARSCRÍBHINN 19: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí.........51
IARSCRÍBHINN 20: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis.....................................54
IARSCRÍBHINN 21: An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach..............................................56
IARSCRÍBHINN 22: An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán............................................................58
IARSCRÍBHINN 23: An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne................................................60
IARSCRÍBHINN 24: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí.....63
IARSCRÍBHINN 25: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh.....66
IARSCRÍBHINN 26: An Ghníomhaireacht Tacaíochta do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach .........................................................................70
IARSCRÍBHINN 27: An tÚdarás Baincéireachta Eorpach .....................................................................72
IARSCRÍBHINN 28: An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí........................................................75
IARSCRÍBHINN 29: An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme........................................79
IARSCRÍBHINN 30: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann..........................................82
IARSCRÍBHINN 31: An Ghníomhaireacht Eorpach chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais .................... 86
IARSCRÍBHINN 32: An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht ............................... 89

---

**IARSCRÍBHINN 1**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt d'Ard-Stiúrthóir**
**na Gníomhaireachta Soláthair Euratom**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Soláthair Euratom**
**don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2008/114/CE, Euratom ón gComhairle an 12 Feabhra 2008 lena mbunaítear Reachtanna do Ghníomhaireacht Soláthair Euratom[1], agus go háirithe Airteagal 8(9) den Iarscríbhinn a ghabhann leis,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntas ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Soláthair Euratom don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[3],

---

[1] IO L 41, 15.2.2008, lch. 15.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[3] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt d'Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO <u>GHNÍOMHAIREACHT SOLÁTHAIR EURATOM</u>

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di cinneadh na Cúirte a bhain leis an bpróiseas mall roghnúcháin do phoist bhainistíochta san Údarás, rud a d’fhág gur líonadh roinnt post le bainisteoirí gníomhacha ar feadh tréimhse níos faide ná bliain, suas le naoi mbliana i gcás amháin. Agus tionchar phaindéim COVID-19 á chur san áireamh, mar atá tugtha dá haire ag an gCúirt, molann an Chomhairle don Ghníomhaireacht tuilleadh feabhais a chur ar na nósanna imeachta maidir le bainistiú buiséid, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar go hiomlán na rialacha is infheidhme.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna**
**don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 15(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Lárionad' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Fondúireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Lárionaid ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Lárionaid ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Lárionaid i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON LÁRIONAD EORPACH UM FHORBAIRT NA GAIRMOILIÚNA

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Lárionaid mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Lárionaid, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart an Lárionaid i dtaca le nós imeachta soláthair le haghaidh seirbhísí gréasáin a sholáthar agus is díol sásaimh di gur chuir an Lárionad an conradh ar ceal tar éis na mbarúlacha sin.

Is oth leis an gComhairle na saincheisteanna a shainaithin an Chúirt maidir le bainistiú buiséadach an Lárionaid, nuair nár cuireadh ríomh ranníocaíochtaí Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) i bhfeidhm i gceart i gcás trí ghné éagsúla, rud a d’fhág gur gearríocadh EUR 20 272 ó bhuiséad an Aontais. Cé go n-aithníonn an Chomhairle gníomhaíocht an Lárionaid, iarrann sí ar an Lárionad a áirithiú go mbeidh ríomh ranníocaíochtaí CSTE ceart i ngach uile chás.

**IARSCRÍBHINN 3**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú i leith chur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 16(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Foras' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Fhorais don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Lárionaid ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Fhorais chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Fhorais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH SEO ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON FHORAS EORPACH CHUN DÁLAÍ MAIREACHTÁLA AGUS OIBRE A FHEABHSÚ**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Fondúireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Fondúireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire, agus é á thabhairt dá haire aici gur sheol an Foras tairiscint nua le haghaidh leictreachas a sholáthar, barúlacha na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart, go háirithe maidir le híocaíochtaí a rinneadh i ndáil le nósanna imeachta soláthair a dhearbhaigh an Chúirt a bheith neamhrialta sna blianta roimhe sin (i.e. soláthar chun leictreachas a sholáthar agus saoráidí leithris a athchóiriú).

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le rialuithe inmheánacha an Fhorais, go háirithe 'feidhmeanna íogaire' agus is díol sásaimh di gur chuir an Foras, tar éis iniúchadh na Cúirte, beartas nua chun feidhme maidir le poist íogaire.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**

**na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil**

**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus an Gréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (leagan códaithe)[1], agus go háirithe Airteagal 13(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

1 IO L 126, 21.5.2009, lch. 13.
2 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1339/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear Fondúireacht Eorpach Oiliúna (athmhúnlú)[1], agus go háirithe Airteagal 17(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 354, 31.12.2008, lch. 82.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Fhondúireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Fondúireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Fondúireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Fhorais chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Fhorais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

## BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON FHONDÚIREACHT EORPACH OILIÚNA

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Fondúireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Fondúireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Molann an Chomhairle don Fhoras a córais rialaithe inmheánaigh agus a nósanna imeachta soláthair phoiblí a fheabhsú, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar go hiomlán na rialacha is infheidhme.

**IARSCRÍBHINN 6**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 ina leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht ar tháirgí míochaine lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach[1], agus go háirithe Airteagal 68(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 136, 30.4.2004, lch. 1.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT LEIGHEASRA EORPACH

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle na saincheisteanna a sainaithníodh mar 'béim ar ábhar' sa tuarascáil ón gCúirt maidir le dliteanais na Gníomhaireachta i ndáil lena hiar-oifigí i Londain, agus admhaíonn sí, ag an am céanna, comhaontú na Gníomhaireachta le tiarna talún an áitribh sin, chomh maith leis na hiarrachtaí a rinne an Ghníomhaireacht agus a Bord Bainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar an ngá leis an tsaincheist a réiteach ar an leibhéal polaitiúil.

Iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht an laige a d'aimsigh an Chúirt i bpróiseas ceaptha na bpainéal roghnúcháin a leigheas go pras ionas nach mbeidh sé ina chleachtas reatha as a n-eascródh rioscaí dlíthiúla agus clú don Ghníomhaireacht.

I ndáil le hathbhreithniú ar roinnt praghsanna a bhaineann le creatchonradh seirbhísí lónadóireachta agus bialann, is oth leis an gComhairle gur sháraigh an Ghníomhaireacht forálacha an chreatchonartha mar aon le forálacha an Rialacháin Airgeadais, agus áitíonn sí ar an nGníomhaireacht na forálacha sin a urramú go hiomlán feasta.

**IARSCRÍBHINN 7**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (athmhúnlú)[1], agus go háirithe Airteagal 15(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

1 IO L 376, 27.12.2006, lch. 1.
2 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Lárionad' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Lárionaid don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Lárionaid ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Lárionaid ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir an Lárionaid i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCOMHAIRLE an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 16(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

1 IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.
2 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**IARSCRÍBHINN 9**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha[1], agus go háirithe Airteagal 21(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 53, 22.2.2007, lch. 1.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO <u>GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire an bharúil ón gCúirt maidir le líon ard leithreasuithe geallta a tugadh anonn do Theideal III agus gur gealladh cuid shuntasach (25 %) i mí na Nollag 2020, rud a léiríonn gurb ann do shaincheist struchtúrach. Molann an Chomhairle don Ghníomhaireacht leanúint d’fheabhas a chur ar a pleanáil bhuiséadach agus ar a timthriallacha cur chun feidhme.

**IARSCRÍBHINN 10**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2965/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 lena mbunaítear Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh[1], agus go háirithe Airteagal 14(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

1 IO L 314, 7.12.1994, lch. 1.
2 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Lárionad' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Fondúireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Lárionaid ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Lárionaid ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir an Lárionaid i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí[1], agus go háirithe Airteagal 19(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

[1] IO L 208, 5.8.2002, lch. 1.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle na laigí a shainaithin an Chúirt i rialú na Gníomhaireachta ar theidlíochtaí do bhaill foirne nua-earcaithe. Agus an nós imeachta athbhreithnithe á thabhairt dá haire aici, molann an Chomhairle don Ghníomhaireacht a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cuí é.

Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil cásanna ina ndéanann an Ghníomhaireacht íocaíochtaí déanacha, go háirithe aisíocaíochtaí as costais taistil na rannpháirtithe i gceardlanna, ag tarlú fós don chúigiú bliain as a chéile, rud a chuireann an Ghníomhaireacht i mbaol riosca airgeadais agus do riosca clú. Cé gur díol sásaimh don Chomhairle an laghdú atá tagtha ar chéatadán na gcásanna sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, áitíonn an Chomhairle ar an nGníomhaireacht leanúint dá hiarrachtaí ionas nach gcuirfear an staid sin i láthair a thuilleadh.

Maidir leis na ceapacháin le tarmligean a dhéanann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, tugann an Chomhairle dá haire freagra na Gníomhaireachta agus molann sí di na bearta maolaitheacha agus an nós imeachta nua a chur chun feidhme chun aon agóid a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht oibríochtaí na Gníomhaireachta a sheachaint.

**IARSCRÍBHINN 12**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91[1] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 121(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 212, 22.8.2018, lch. 1
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**IARSCRÍBHINN 13**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**

**an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia**

**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta maidir le cúrsaí sábháilteachta bia[1], agus go háirithe Airteagal 44(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

[1] IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an tÚdarás' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON ÚDARÁS EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT BIA**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Údaráis mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Údaráis, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di cinneadh na Cúirte a bhain leis an bpróiseas mall roghnúcháin do phoist bhainistíochta san Údarás, rud a d'fhág gur líonadh roinnt post le bainisteoirí gníomhacha ar feadh tréimhse níos faide ná bliain, suas le naoi mbliana i gcás amháin. Agus tionchar phaindéim COVID-19 á chur san áireamh, mar atá tugtha dá haire ag an gCúirt, molann an Chomhairle don Ghníomhaireacht tuilleadh feabhais a chur ar na nósanna imeachta maidir le bainistiú buiséid, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar go hiomlán na rialacha is infheidhme.

**IARSCRÍBHINN 14**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB[1] ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin, agus go háirithe Airteagal 63(11) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 295, 21.11.2018, lch. 138.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais don bhliain airgeadais 2020 agus ar chlár comhardaithe an 31 Nollaig 2020 Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, dá ngairtear 'Eurojust' anseo feasta, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla Eurojust don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí Eurojust ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad Eurojust chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Riaracháin Eurojust i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

1 IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

## BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR CEARTAIS CHOIRIÚIL (EUROJUST)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla Eurojust mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais Eurojust, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle na laigí a thug an Chúirt faoi deara i nósanna imeachta iniúchta Eurojust don soláthar poiblí, a bhaineann le creatchonarthaí, agus ina nósanna imeachta rialaithe inmheánacha. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle do Eurojust a áirithiú go n-ullmhófar doiciméadacht *ex ante* níos láidre, lena n-áirítear an réasúnaíocht dhoiciméadaithe chun nós imeachta soláthair ar leith agus/nó cineál áirithe creatchonartha a roghnú, chomh maith le tuilleadh soiléireachta a lorg tráth a iarrtar tairiscint chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an conradh sonrach agus téarmaí iarbhír na gcomhaontuithe.

**IARSCRÍBHINN 15**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 526/2013 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 31(12) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

[1] IO L 151, 7.6.2019, lch. 15.

[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO <u>GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHIBEARSHLANDÁIL</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Cé go n-aithníonn an Chomhairle go bhfuil na híocaíochtaí is bonn leis na cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha, is oth léi go raibh forais leordhóthanacha ann don Chúirt tuairim choinníollach a eisiúint maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí, mar gur úsáid ball foirne tarmligean sealadach a bhí dulta in éag chun méid suntasach leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a údarú.

Is oth leis an gComhairle na laigí rialaithe inmheánaigh a shainaithin an Chúirt. Iarrann sí ar an nGníomhaireacht feabhas a chur ar chinntí inmheánacha agus ar bhearta maolaitheacha, a tugadh isteach cheana, chun rioscaí comhchosúla a sheachaint feasta.

<u>**IARSCRÍBHINN 16**</u>

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú[1], agus go háirithe Airteagal 23(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

[1] IO L 142, 30.4.2004, lch. 1.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Lárionad' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Lárionaid don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Lárionaid ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Lárionaid ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir an Lárionaid i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004[1], agus go háirithe Airteagal 65(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 138, 26.5.2016, lch. 1.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**IARSCRÍBHINN 18**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624[1], agus go háirithe Airteagal 116(11) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachtaí Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM AN nGARDA TEORANN AGUS CÓSTA (FRONTEX)

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Cé go n-aithníonn sí iarrachtaí na Gníomhaireachta leanúint d'fheabhas a chur ar fhaireachán ar oibríochtaí/gníomhaíochtaí um fhilleadh, is oth leis an gComhairle an bharúil ón gCúirt gur thug an Ghníomhaireacht gealltanas buiséadach *ex post* i gcás amháin, ar gealltanas é a sháraigh prionsabal na bliantúlachta, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht cloí go docht leis na rialacha buiséadacha.

Is cúis mhór imní don Chomhairle na cásanna inar tuairiscíodh sáruithe líomhainte ar chearta bunúsacha, agus dá bhrí sin, is díol sásaimh di tiomantas na Gníomhaireachta comhoibriú go dlúth le Parlaimint na hEorpa, leis an Ombudsman Eorpach agus leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise maidir le hábhair a bhaineann le cearta bunúsacha. Ina theannta sin, agus tionchar phaindéim COVID-19 á chur san áireamh, mar atá tugtha dá haird ag an gCúirt, tá an Chomhairle ar aon intinn leis an gCúirt go bhfuil riosca tromchúiseach d'oibríochtaí agus do chlú na Gníomhaireachta mar thoradh ar an moill ar 40 monatóir ar chearta bunúsacha a earcú, agus áitíonn sí ar an nGníomhaireacht na nósanna imeachta earcaíochta a chur i gcrích a luaithe is féidir.

Is oth leis an gComhairle gur nochtadh an Ghníomhaireacht do bhaol go ndéanfaí damáiste do chlú, a bhain le laigí i mbainistiú ghráid na mball nua foirne, agus molann sí don Ghníomhaireacht an plean bunaíochta a chomhlíonadh tar éis ghlacadh an Rialacháin nua ón nGníomhaireacht[1], chomh maith le trédhearcacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a mhéadú.

[1] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

Ar deireadh, agus tionchar phaindéim COVID-19 agus na srianta teicniúla a bhaineann leis an gcóras nua tacaíochta don imscaradh á gcur san áireamh aici, mar atá tugtha dá haire ag an nGníomhaireacht, iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht gach beart iomchuí a dhéanamh chun bainistiú buiséadach na cuideachta a fheabhsú, lena n-áirítear cur chun feidhme an bhuiséid agus cur i láthair agus trédhearcacht na gcuntas. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún treoir chothrománach a chur ar fáil do chomhlachtaí an Aontais maidir leis an mbealach a bhféadfar ranníocaíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach a ríomh go comhsheasmhach.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2219 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2005/681/CGB ón gComhairle[1] agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin, agus go háirithe Airteagal 20(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 319, 4.12.2015, lch. 1.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM OILIÚINT I bhFORFHEIDHMIÚ AN DLÍ (CEPOL)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle, agus na freagraí ón nGníomhaireacht á dtabhairt dá haire aici, nár chosain an Ghníomhaireacht leasanna airgeadais an Aontais go héifeachtach in aon chás amháin agus go bhfuil laigí i dtimpeallacht rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta maidir le gealltanais bhuiséadacha a bhainistiú. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle don Ghníomhaireacht pleanáil níos fearr a áirithiú maidir le himeachtaí oiliúna trí ghníomhú in oirchill na staide sláinte atá ag athrú, agus feabhas a chur ar thrédhearcacht an fhaireacháin a dhéantar ar chonarthaí sa chóras bainistíochta airgeadais chun earráidí riaracháin a chosc.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE[1], agus go háirithe Airteagal 86 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 170, 12.5.2021, lch. 69.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

<u>**IARSCRÍBHINN 21**</u>

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach**
**don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (códaithe)[1], agus go háirithe Airteagal 45(11) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

[1] IO L 83, 25.3.2019, lch. 18.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán**
**don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 97(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne**
**don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú[1], agus go háirithe Airteagal 15(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Institiúid' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na hInstitiúide don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh na freagraí ón Institiúid ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na hInstitiúide chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na hInstitiúide i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON <u>INSTITIÚID EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na hInstitiúide mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na hInstitiúide, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle an fhadhb chórasach a d'aithin an Chúirt, is é sin le rá, nár cuireadh san áireamh i gceart i mbuiséad na hInstitiúide creidmheasanna a fuarthas, agus iarrann sí ar an Institiúid feabhas a chur ar an rian iniúchóireachta agus ar na nósanna imeachta bainistíochta buiséid, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar go hiomlán na rialacha is infheidhme.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle[1] agus a ghabhann ionad na gCinntí sin, agus go háirithe Airteagal 60(10) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 135, 24.5.2016, lch. 53.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'Europol' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir leis na cuntais bhliantúla ó Europol don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh na freagraí ó Europol ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad Europol chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH I nDÁIL LE COMHAR I bhFORFHEIDHMIÚ AN DLÍ (EUROPOL)**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla Europol mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais Europol, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle, agus faireachán cúramach Europol ar mhéideanna íocaíochta agus ar ghníomhaíochtaí maolaitheacha á thabhairt dá haire aici, an fhadhb a thug an Chúirt faoi deara maidir leis an laige leanúnach gan réiteach a bhaineann le leibhéil arda íocaíochtaí déanacha, rud a nochtann Europol do riosca dá chlú, agus iarrann sí ar Europol leanúint de bhearta iomchuí a dhéanamh chun bainistíocht fhónta bhuiséadach agus airgeadais a áirithiú.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (athmhúnlú)[1], agus go háirithe Airteagal 35(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

1 IO L 158, 14.6.2019, lch. 22.
2 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar an gclár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT UM CHOMHAR IDIR RIALÁLAITHE**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Cé go n-aithníonn an Chomhairle go bhfuil na híocaíochtaí is bonn leis na cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha, is oth léi go raibh forais leordhóthanacha ann don Chúirt tuairim cháilithe a eisiúint maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí, i ngeall ar mhírialtachtaí a bhaineann le creatchonradh le haghaidh seirbhísí TF, toisc nach raibh nós imeachta iomaíoch soláthair ann chun méid suntasach íocaíochtaí a dhéanamh in 2020.

Is oth leis an gComhairle na laigí rialaithe inmheánaigh, ar siocair leo easpa rialacha inmheánacha lena dtabharfaí aghaidh ar leanúnachas tharmligean na gcumhachtaí údaraithe, a d'aithin an Chúirt. Iarrann sí ar an nGníomhaireacht feabhas a chur ar chinntí inmheánacha agus ar bhearta maolaitheacha, a tugadh isteach cheana, chun rioscaí comhchosúla a sheachaint feasta.

Cé go n-aithníonn sí an freagra ón nGníomhaireacht inar cuireadh in iúl nár cumhdaíodh gannchion acmhainní buiséid ach trí bhíthin buiséad leasaitheach i mí na Nollag, agus go raibh gá le leibhéal ard tabhairt anonn chun oibleagáidí oscailte a sainaithníodh ag deireadh na bliana a chumhdach, go háirithe táillí dlíthiúla agus aistriúcháin, molann an Chomhairle don Ghníomhaireacht leanúint d'fheabhas a chur ar a pleanáil bhuiséadach agus d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme a buiséid chun leibhéal na ngealltanas a thugtar ar aghaidh a laghdú go dtí an leibhéal is lú dár féidir, i gcomhréir le prionsabal buiséadach na bliantúlachta.

Admhaíonn an Chomhairle freagra na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte maidir le roinnt laigí a sainaithníodh i nósanna imeachta earcaíochta na Gníomhaireachta. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di na bearta atá déanta ag an nGníomhaireacht cheana chun na hearráidí a leigheas go háirithe trí réamhsheiceálacha incháilitheachta, seiceálacha dúbailte arna ndéanamh ag an rannóg Acmhainní Daonna agus trédhearcacht sa mhodheolaíocht scórála a thabhairt isteach. Molann sí don Uachtaránacht a ráthú go gcuirfear chun feidhme na bearta sin go cuí ar mhaithe le próiseas earcaíochta cothrom trédhearcach a áirithiú.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Ghníomhaireacht Tacaíochta BEREC i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Tacaíochta BEREC don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1971[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus an Ghníomhaireacht Tacaíochta do BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 agus go háirithe Airteagal 28(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 321, 17.12.2018, lch. 1.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht Tacaíochta do BEREC (Oifig BEREC) don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Oifig' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, agus ar an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na hOifige don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh na freagraí ón Oifig ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad na hOifige ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na hOifige i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 64(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 331, 15.12.2010, lch. 12.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an tÚdarás' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON <u>ÚDARÁS BAINCÉIREACHTA EORPACH</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Údaráis mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Údaráis, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle na heasnaimh a shainaithin an Chúirt i nósanna imeachta an Údaráis um sholáthar poiblí. Ar an gcéad dul síos, thug an tÚdarás comhaontú baincéireachta gearrthéarmach i gcrích le banc ach rinne sé luach an chonartha a ghannmheas mar gur sheol an tÚdarás nós imeachta idirbheartaithe, gan é a fhoilsiú roimh ré, agus gan páirteach ann ach aon chonraitheoir féideartha amháin. Sa chás seo freisin, níor leag an tÚdarás amach critéir chun an tairiscint ab fhearr a roghnú ná ní dhearna sé an mheastóireacht chuí ba dhlite ar thairiscintí eile ar mhaithe le conraitheoirí eile a aimsiú. Ar an dara dul síos, sheol an tÚdarás nós imeachta soláthair do sheirbhísí dlí trí nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré agus in éagmais rian iniúchóireachta leormhaith. Measadh freisin go raibh an tríú nós imeachta soláthair neamhrialta toisc nár cuireadh rúndacht agus dearbhú maidir le heaspa coinbhleachta leasa i bhfeidhm ach ag céim ba sia ar aghaidh. Cé go gcuireann an Chomhairle san áireamh tionchar phaindéim COVID-19, mar atá tugtha dá aird ag an Údarás, agus na bearta a rinneadh cheana, iarrann sí ar an Údarás a áirithiú go mbeidh a nósanna imeachta soláthair, go háirithe cur i bhfeidhm an nós imeachta idirbheartaithe, i gcomhréir go hiomlán leis an Rialachán Airgeadais i gcónaí.

Tacaíonn an Chomhairle le torthaí na Cúirte nach mór don Údarás a phlean leanúnachais gnó a nuashonrú agus tathantaíonn sí ar an Údarás aghaidh a thabhairt ar an laige sin ina nósanna imeachta um rialú inmheánach.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí i leith chur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 64(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

[1] IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.

[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an tÚdarás' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON ÚDARÁS EORPACH UM URRÚIS AGUS MARGAÍ

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Údaráis mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Údaráis, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire cinneadh na Cúirte maidir leis an riosca go rachadh na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (CRA) timpeall ar rialachán na ngníomhaireachtaí rátála creidmheasa, rud a cheadódh dóibh a ndeis a thapú le táillí a laghdú nó a sheachaint tríd an ioncam sin dá gcuid atá suite ar chríoch an Aontais a aistriú chuig a n-eintitis ghaolmhara lasmuigh den Aontas. Is díol sásaimh di iarrachtaí an Údaráis an tsaincheist seo a mheasúnú agus faireachán a dhéanamh uirthi, chomh maith lena chomhairle theicniúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le hathbhreithniú an Rialacháin i ndáil leis na táillí a ghearrann an tÚdarás ar CRA.

Tacaíonn an Chomhairle leis na hiarrachtaí a rinne an tÚdarás cheana an chinnteacht is mó dár féidir a sholáthar faoi chuimsiú an chreata rialála atá ann faoi láthair maidir le táillí ar stórtha trádála. Is díol sásaimh don Chomhairle gur chuir an tÚdarás faoi bhráid an Choimisiúin an chomhairle theicniúil uaidh maidir leis an reachtaíocht i ndáil le bainistiú táillí ó Stórtha Trádála a leasú sa dara leath de 2021 agus iarrann sí ar an gCoimisiún obair a dhéanamh ar athbhreithniú an chreata reachtaigh.

Cé go n-aithníonn sí an freagra ón Údarás, is oth leis an gComhairle na laigí rialaithe inmheánaigh a shainaithin an Chúirt. Ar an gcéad dul síos, thug an tÚdarás creatchonradh i gcrích trí úsáid a bhaint as teimpléad creatchonartha an chonraitheora in ionad ghnáth-theimpléad an Údaráis, agus laghdaigh sé sin trédhearcacht an chomhaontaithe. Ar an dara dul síos, níor chuir an tÚdarás an ráta úis i bhfeidhm i gceart ar na híocaíochtaí déanacha a rinne roinnt CRAnna agus stórtha trádála maidir lena ranníocaíocht don bhliain 2020 ná níor chomhlíon sé forálacha an Rialacháin Airgeadais ina n-iomláine. Ar an tríú dul síos, ní raibh an tÚdarás in ann na híocaíochtaí a rinneadh le conraitheoir faoi chreatchonradh le haghaidh seirbhísí comhairliúcháin TF a dhearbhú toisc nach ndearna sé monatóireacht cheart ar an am ar gearradh táille ina leith.

**<u>IARSCRÍBHINN 29</u>**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 64(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 331, 15.12.2010, lch. 48.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an tÚdarás' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad an Údaráis chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON <u>ÚDARÁS EORPACH UM ÁRACHAS AGUS PINSIN CHEIRDE</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Údaráis mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Údaráis, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Cé go n-aithníonn sí go bhfuil na gníomhaíochtaí agus na teagmhálacha idir an tÚdarás agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta an-ghar dá chéile, tacaíonn an Chomhairle le cinneadh na Cúirte gur cheart córas rialaithe áirithe a bheith i bhfeidhm chun cirte na n-íocaíochtaí a bhaineann le comhaontuithe na saineolaithe náisiúnta ar iasacht a áirithiú.

Tugann an Chomhairle dá haire tuairimí na Cúirte maidir le neamhchur i bhfeidhm an úis a sholáthraítear leis an Rialachán Airgeadais ar íocaíochtaí a fuarthas go déanach ó roinnt údarás inniúil náisiúnta agus tugann sí dá haire freagra an Údaráis i ndáil leis na coinníollacha speisialta in 2020. Moltar don Údarás faireachán a dhéanamh ar na híocaíochtaí atá gan íoc agus leanúint leis na hoibríochtaí aisghabhála.

Admhaíonn an Chomhairle an ghníomhaíocht ghasta a rinne an tÚdarás tar éis don Chúirt breathnóireacht a dhéanamh maidir leis an gconradh le haghaidh cúrsaí oiliúna agus maidir leis an gconradh nua chun oiliúint ar líne a chur ar fáil. Moltar don Údarás freagairt go tapa do na coinníollacha athraitheacha agus a chonarthaí a oiriúnú dá réir.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**

**Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann**

**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 439/2010[1], agus go háirithe Airteagal 55(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

---

1 IO L 468, 30.12.2021, lch. 1. 1.

2 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM THEARMANN**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire an tuairim ón gCúirt maidir le 'ábhar eile' a fhágann go bhfuil tionchar ag imeachtaí breithiúnacha atá ar bun i gcoinne na Gníomhaireachta ar ghnéithe den tuairim ón gCúirt.

Tugann an Chomhairle dá haire, agus na gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá ar bun nó curtha i bhfeidhm á dtabhairt dá haire aici, barúlacha na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart, go háirithe maidir le híocaíochtaí a rinneadh i ndáil le nósanna imeachta soláthair a dhearbhaigh an Chúirt a bheith neamhrialta sna blianta a caitheadh (i.e. soláthar áitreabh ar cíos, oibrithe sealadacha ón Iodáil agus saineolaithe seachtracha).

Is oth leis an gComhairle, agus forbairt plean earcaíochta chuimsithigh agus tionchar phaindéim COVID-19 á dtabhairt dá haire aici, na saincheisteanna a d'aithin an Chúirt maidir le beartas foirne na Gníomhaireachta, go háirithe líon ard na bpost folamh bainistíochta agus fad na gceapachán bainistíochta sealadach, ar saincheisteanna iad a mbíonn tionchar acu ar chumas na Gníomhaireachta a cuspóirí a bhaint amach.

Maidir le bainistiú buiséadach, agus aird á tabhairt aici ar thionchar phaindéim COVID-19, mar atá tugtha dá haird ag an nGníomhaireacht, cuireann an Chomhairle in iúl freisin gur ábhar imní di go raibh cur chun feidhme an bhuiséid níos ísle ná mar a beartaíodh, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht leanúint d'fheabhas a chur ar a clársceidealú airgeadais agus d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhuiséid, chun a áirithiú go gcomhlíonfar ina iomláine prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus na bliantúlachta.

Ar deireadh, is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí suntasacha a rinne an Ghníomhaireacht ó 2018 i leith chun a córais rialaithe inmheánaigh agus a próisis rialachais a fheabhsú, agus chun gníomhaíochtaí ceartaitheacha a chur chun feidhme mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais**

**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011[1], agus go háirithe Airteagal 47(12) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 295, 21.11.2018, lch. 99.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar cuntais ioncaim agus chaiteachais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh na freagraí ón nGníomhaireacht ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH CHUN BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL A DHÉANAMH AR CHÓRAIS MHÓRSCÁLA TF SA LIMISTÉAR SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS (eu-LISA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a cuid oibríochtaí, a sreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, agus go bhfuil na hidirbhearta is bonn leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle, agus freagra na Gníomhaireachta agus an ghníomhaíocht a rinneadh go dtí seo á dtabhairt dá haire aici, go raibh forais ann don Chúirt tuairim cháilithe a eisiúint maidir le dhá nós imeachta soláthair neamhrialta, lena n-áirítear go bhfuarthas amach faoi íocaíochtaí éagsúla faoi chreatchonradh nár chomhlíon forálacha conarthacha, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht na gníomhartha iomchuí a dhéanamh chun cásanna den sórt sin a sheachaint feasta.

Ar deireadh, cuireann an Chomhairle in iúl gur ábhar imní di go raibh cur chun feidhme an bhuiséid níos ísle arís ná mar a bhí beartaithe, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht leanúint d'fheabhas a chur ar a clársceidealú airgeadais agus d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhuiséid, go háirithe trí phleanáil bhuiséadach a ailíniú le huainiú na ngníomhartha dlíthiúla gaolmhara ar bhealach níos fearr, chun a áirithiú go gcomhlíonfar ina iomláine prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus na bliantúlachta.

**IARSCRÍBHINN 32**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/819 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (athmhúnlú)[1],

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[2], agus go háirithe Airteagal 70(4) de,

[1] IO L 189, 28.5.2021, lch. 61.
[2] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na cuntais ioncaim agus chaiteachais na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Institiúid' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na hInstitiúide don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh na freagraí ón Institiúid ar na barúlacha ón gCúirt léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na hInstitiúide chun feidhme ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na hInstitiúide i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.